Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3630

5.6.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11550 — TA ASSOCIATES / CARLYLE / SER GROUP)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/3630)

1. An 29 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TA Associates Management L.P. ('TA Associates'), Stáit Aontaithe Mheiriceá,

— The Carlyle Group, Inc. ('Carlyle'), Stáit Aontaithe Mheiriceá,

— SER Global Holding GmbH ('SER Group'), an Ghearmáin, atá faoi rialú aonair Carlyle faoi láthair.

Gheobhaidh TA Associates agus Carlyle rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar SER Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é TA Associates a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i roinnt tionscal, lena n-áirítear seirbhísí gnó, seirbhísí tomhaltóirí, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíochtaí, agus tá sé gníomhach ar fud an domhain

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Carlyle a bhainistíonn cistí lena ndéantar infheistíocht go domhanda sna trí dheighleog infheistíochta seo a leanas: (i) Cothromas Príobháideach Domhanda (lena n-áirítear cothromas príobháideach corparáideach, réadmhaoin agus cistí acmhainní nádúrtha); (ii) Creidmheas Domhanda (lena n-áirítear creidmheas leachtach, creidmheas neamhleachtach agus creidmheas sócmhainní réadacha); agus (iii) Réitigh Infheistíochta (clár ciste cistí cothromais phríobháidigh, lena n-áirítear ciste príomha, gníomhaíochtaí comh-infheistíochta tánaisteacha agus gaolmhara).

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais SER Group: cuideachta bogearraí arb í an speisialtóireacht atá aici soláthar bogearraí Bainistíochta Ábhar Fiontair (ECM) agus seirbhísí gaolmhara.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

MM.11550 — TA ASSOCIATES / CARLYLE / SER GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË